Sábháilteacht ar an bhfarraige

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi shábháilteacht ar an bhfarraige. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal/na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. feachtas _____
2. seaicéad tarrthála _____
3. anuraidh bádh ceathrar _____
4. a mheabhrú _____
5. fearas _____
6. comhghleacaí _____
7. tionscal na hiascaireachta _____
8. is contúirtí _____
9. go tóin poill _____
10. de réir taighde _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cúig phointe eolais don duine in aice leat faoina bhfaca tú.

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus breac síos pointe amháin eolais faoi na daoine/na nithe seo a luadh inti.

Bord Iascaigh Mhara	
53	
Fearas GPS	
36%	
tionscal na hiascaireachta an-chontúirteach	
David Massey	

Ceist 4 '…**cuireann** sé scéala go bhfuil iascaire i dtrioblóid…'

A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile. Cén aimsir atá i gceist?

An bhféachann tú ar an nuacht gach lá?
Féachaim / *Ní fh*éachaim.

An éisteann tú le podchraoltaí go minic?
Éistim / ní éistim

An éiríonn tú go moch ar maidin?
Éirím / Ní éirím.

An gcríochnaíonn tú d'obair bhaile go luath gach tráthnóna?
Críochnaím / Ní C*h*ríochnaím

B. Anois, cum ceisteanna leis na briathra neamhrialta seo thíos agus cuir na ceisteanna a chum tú ar an duine in aice leat. Bíodh na briathra san aimsir láithreach agat. Beidh do chara ag cur ceiste ortsa freisin. Bí in ann mar sin, freagra gonta a thabhairt ar na ceisteanna a chuirfear ort.

Abair	*an ndeir tú?*	*deirim*	*ní deirim*
Beir			
Clois			
Déan			
Faigh			
Feic			
Ith			
Tabhair			
Tar			
Téigh			
Bí (Tá)			
Bí*			

*An aimsir ghnáthláithreach den bhriathar ***Bí***.

Ceist 5 Seo an Ghaeilge ar GPS: Córas Suite Domhanda.

Bain úsáid as na focail sin anois chun cur síos a dhéanamh ar an bhfearas agus ar a fheidhm.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An mbíonn aon bhaint agat féin nó ag do theaghlach leis an bhfarraige?
2. Cén fáth nach gcaitheann leath na n-iascairí sa tír seaicéid tarrthála, dar leat?
3. Conas a chuideodh córas suite domhanda le duine dá dtitfeadh sé isteach san fharraige?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. feachtas	*campaign*
2. seaicéad tarrthála	*life jacket*
3. anuraidh bádh ceathrar	*four people were drowned last year*
4. a mheabhrú	*to remind*
5. fearas	*gear*
6. comhghleacaí	*colleague*
7. tionscal na hiascaireachta	*the fishing industry*
8. is contúirtí	*the most dangerous*
9. go tóin poill	*to the bottom (of the sea)*
10. de réir taighde	*according to research*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Abair	an ndeir tú?	deirim	ní deirim
Beir	an mbeireann sé?	beireann	ní bheireann
Clois	an gcloiseann sí?	cloiseann	ní chloiseann
Déan	an ndéanann tú?	déanaim	ní dhéanaim
Faigh	an bhfaigheann sé?	faigheann	ní fhaigheann
Feic	an bhfeiceann sí?	feiceann	ní fheiceann
Ith	an itheann tú?	ithim	ní ithim
Tabhair	an dtugann sé?	tugann	ní thugann
Tar	an dtagann sí?	tagann	ní thagann
Téigh	an dtéann tú?	téim	ní théim
Bí (Tá)	an bhfuil sé?	tá	níl
Bí*	an mbíonn sí?	bíonn	ní bhíonn

Ceist 5

Is córas loingseoireacht satailíte é an GPS, córas a thugann le fios cén suíomh atá ag duine nó rud, áit ar bith ar an domhan. Ba é Arm na Stát Aontaithe a d'úsáid an córas ar dtús sna 1960s. Sa lá atá inniu ann tá an GPS in úsáid go forleathan: i ngluaisteáin, ar bháid agus i bhfóin chliste.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha
Sheol Bord Iascaigh Mhara feachtas nua inniu, in iarracht cur ina luí ar iascairí seaicéad tarrthála a chaitheamh ar an bhfarraige. Bádh 53 iascaire as an dtír[1] seo le deich mbliana anuas.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Is fánach an chaoi a dtarlaíonn timpiste i bhfarraige agus mura bhfuil seaicéad tarrthála á chaitheamh ag duine, d'fhéadfadh sé go mbeadh drochghortuithe nó an bás i ndán dóibh. Anuraidh bádh ceathrar. Inniu, sheol Bord Iascaigh Mhara feachtas nua náisiúnta chun a mheabhrú d'iascairí na seaicéid a chur orthu agus iad a choinneáil orthu a fhad is atá siad amuigh. Tá fearas GPS sa seaicéad seo agus má bhuaileann sé an t-uisce cuireann sé scéala go bhfuil iascaire i dtrioblóid. De réir figiúirí de chuid Bhord Iascaigh Mhara, bádh comhghleacaí de thart ar 36% d'iascairí na tíre. Ach, tar éis an méid sin tá thart ar leath de na hiascairí sin fós nach gcaitheann seaicéad tarrthála.

Séamus Breathnach
Bíonn iascairí ag coimhlint le drochaimsir agus le drochfharraige i mbun a gcuid oibre. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcaithfidís na seaicéid tarrthála atá ar fáil faoi láthair. Tá sé cruthaithe gurb é tionscal na hiascaireachta ceann de na tionscail is contúirtí le bheith ag déanamh do shlí bheatha as. Tá sé cúig huaire déag níos contúirtí ná tionscal na tógála.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Chuaigh bád David Massey agus Gerry Copeland[2] go tóin poill amach ó chósta Chill Mhantáin anuraidh. Murach na seaicéid tarrthála, dúirt siad nach mbeidís beo inniu. Tá thart ar trí mhíle go leith iascaire sa tír seo agus de réir taighde, ní chaitheann a leath acu seaicéad tarrthála. Tá súil ag Bord Iascaigh Mhara go dtiocfaidh athrú air seo go beo.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4

[1] Córas na Mumhan
[2] *Gerry Comerford* a deirtear